

**Fógra Poiblí:**

**Forbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne - Maigh Chromtha.**

Ref: POD/G09/1522/C143

Dáta: 12 Iúil, 2022

**Fógra i dtaobh Oibreacha Bóthair a bheidh ar an N22 i gCúil Chomhair ar an mbóthar ó Chorcaigh isteach go Maigh Chromtha.**

Tá an tionscadal ar a dtugtar 'Forbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne - Maigh Chromtha' á thógáil ag Jons-John Cradock JV Ltd., thar ceann Comhairle Contae Chorcaí.

Tá oibreacha bóthair ar siúl le roinnt seachtainí anuas ar an mbóthar N22 atá ann cheana ó Chorcaigh go Maigh Chromtha, i gceantar Chúil Chomhair ar an dlí isteach ó Chorcaigh go Maigh Chromtha. Críochnaíodh an chéim oibreacha is déanaí seo, faoi bhainistíocht tráchta sealadach 24 uair an chloig, go rathúil Dé hAoine seo caite, 8 Iúil 2022.

Táimid ag dul chun cinn anois le críochnú an timpealláin nua agus na Nasc-bhóithre Siar & Soir chuig an timpeallán seo. D'fhonn tógáil na n-oibreacha atá fágtha a éascú beimid ag atreorú na trácht ó Chorcaigh go dtí an Nascbhóthar Thiar, isteach sa timpeallán nua, ar aghaidh chuig an Nascbhóthar Thoir agus ar ais go dtí an sean-N22 ag Droichead an Dá Mhíle, ó thráthnóna Dé Céadaoin an 13 Iúil. Leanfaidh an trácht atá ag triall ar Mhaigh Chromtha ar aghaidh faoin leagan amach atá i bhfeidhm faoi láthair.

Ón 13 Iúil, ar feadh tréimhse 3 go 4 seachtaine, beidh bainistíocht tráchta sealadach i bhfeidhm againn le sreafaí lána singil do thrácht an N22, ag baint úsáide as rialuithe Stop/Téigh faoi chúram na foirne, chun leanúint ar aghaidh leis na hoibreacha ceangail éagsúla a theastaíonn sna hionaid seo. Beidh an oibríocht lána singil seo i bhfeidhm le linn uaireanta oibre (07:30 go 19:00) agus fillfidh sé ar thrácht dhá bhealach, tar éis leagan amach nua an bhóthair, lasmuigh de na huaireanta seo. Is féidir bheith ag súil le roinnt moille tráchta le linn na n-oibreacha ar líne seo.

Táimid ag iarraidh go fóill ar thiománaithe a bheith thar a bheith cúramach le linn na céime seo den obair atá le teacht, agus sinn ag aistriú tráchta ón N22 reatha go dtí na leaganacha amach sealadacha éagsúla, agus cloí leis an luasteorainn 50km/uair atá i bhfeidhm don limistéar oibre seo faoi láthair. Ba cheart go mbeadh úsáideoirí bóthar bheith ar an eolas nach bhfuil an sraith deiridh de dhromchla an bhóthair leagtha go fóill agus ba chóir dóibh leanúint ar aghaidh go cúramach ar na dromchlaí tiomána sealadacha agus sinn i mbun na n-oibreacha a thabhairt chun críche.

Ba mhaith linn ár leithscéal a ghabháil as aon mhí-chaoithiúlacht a bhain leis na hoibreacha rithábachtacha seo.

Ba chóir ceisteanna a chur chuig oifig an tionscadail ag 087-4581555 nó go [info@n22bbm.ie](mailto:info@n22bbm.ie) agus eiseofar nuashonruithe breise de réir mar a théann na hoibreacha ar aghaidh.

**Jons Civil Engineering/John Cradock JV Ltd.**

**Bóthar Shráid an Mhuilinn**

**Maigh Chromtha**



An Roinn Iompair  
Department of Transport

